

Cad iad na cearta ar gá iad a chur in iúl duit roimh thús an agallaimh?

1. An ceart comhairliúchán faoi iontaoibh a dhéanamh le dlíodóir, agus cúnamh dlíthiúil a fháil i rith an agallaimh

A. Dlíodóir

- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí teagmháil le do rogha dlíodóra.
- Mura bhfuil dlíodóir agat, nó má tá bac air nó uirthi teacht, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí teagmháil le dlíodóir ar dualgas ó Chumann an Bharra.
- Má bhaineann coinníollacha dlíthiúla áirithe leat, tá an cúnamh dlíthiúil sin saor in aisce go hiomlán nó i bpáirt. Féadfaidh tú an fhoirm ina bhfuil achoimre ar na coinníollacha sin a lorg.

B. Comhairliúchán faoi iontaoibh roimh ré

- Tá sé de cheart agat comhairliúchán faoi iontaoibh a dhéanamh le do dhlíodóir ar feadh 30 nóiméad, roimh an gcéad agallamh eile agus laistigh de 2 uair an chloig i ndiaidh teagmháil a dhéanamh le do dhlíodóir nó le dlíodóir ar dualgas ó Chumann an Bharra. Féadfaidh an t-agallóir cur leis an tréimhse sin ar bhonn eisceachtúil.
- Féadfar an comhairliúchán sin a dhéanamh ar an teileafón nó ag suíomh an agallaimh.
- Mura ndéantar an comhairliúchán arna sceidealadh le do dhlíodóir laistigh den tréimhse 2 uair an chloig sin, déanfar comhairliúchán faoi iontaoibh le dlíodóir ar dualgas ó Chumann an Bharra ar an teileafón. Is féidir tús a chur leis an agallamh ina dhiaidh sin.
- Má thagann do dhlíodóir i rith an agallaimh, féadfaidh sé nó sí freastal ar an gcuid eile den agallamh sin.

C. Cúnamh dlíthiúil i rith an agallaimh

- Tá sé de cheart agat cúnamh a fháil ó do dhlíodóir i rith aon agallaimh.
- Déanfaidh do dhlíodóir an méid seo a leanas a áirithiú:
 - o go dtugtar urraim do do cheart fanacht i do thost agus do do cheart gan tú féin a ionchoiriú;
 - o go gcaitear go maith leat i rith an agallaimh, agus nach gcuirtear bac ná brú aindleathach ar bith ort;
 - o go gcoimeádtar ar an eolas thú maidir le do chearta agus go ndéantar an t-agallamh a reáchtáil go dleathach.

Má tá trácht ar bith le déanamh ag do dhlíodóir maidir leis an bpointe sin, féadfaidh sé nó sí a áirithiú go ndéantar iad a bhreacadh ar bhonn láithreach i ráiteas agallaimh na bpóilíní.

Féadfaidh do dhlíodóir soiléiriú a lorg maidir leis na ceisteanna a chuirtear ort. Níl cead ag do dhlíodóir ceisteanna a fhreagairt I d'ionad ná bac a chur ar an agallamh.

- Tá sé de cheart agat nó ag do dhlíodóir briseadh isteach ar an agallamh, aon uair amháin, le haghaidh comhairliúcháin bhreise faoi iontaoibh. Ar an dóigh chéanna, sa chás go dtiocfadh aon fhíoras nua chun cinn i rith an agallaimh, d'fhéadfá comhairliúchán breise faoi iontaoibh a dhéanamh le do dhlíodóir. Féadfaidh an comhairliúchán sin maireachtáil ar feadh 15 nóiméad ar a mhéad.

D. Tarscaoileadh

Níl iallach ort comhairliúchán le dlíodóir ná cúnamh ó dhlíodóir a iarraidh.

Féadfaidh tú an ceart sin a tharscaoileadh de do dheoin féin tar éis duit dianmhachnamh a dhéanamh ina thaobh má bhaineann an méid seo a leanas leat:

- tá lán-aois slánaithe agat;
- tá doiciméad sínithe agat agus dáta curtha agat leis chun an méid sin a dhearbhu.
- más féidir, is féidir scannán a dhéanamh den agallamh. Is féidir é sin a phlé le do dhlíodóir (féach freisin pointe 7).

Féadfaidh tú labhairt ar an teileafón le dlíodóir ar dualgas ó Chumann an Bharra maidir leis na cúrsaí sin.

E. Eisceacht

I gcás imthosca eisceachtúla nó de dheasca cúiseanna an-láidre, féadfaidh Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí nó an Giúistís Scrúdúcháin cinneadh a dhéanamh gan an ceart a bhronnadh ort comhairliúchán faoi iontaoibh a dhéanamh roimh ré ná cúnamh ó dhlíodóir a fháil i rith an agallaimh. Ní mór dó nó di údar a thabhairt leis an gcinneadh sin.

F. An ceart chun dlíodóra sa tír inar eisíodh an barántas gabhála Eorpach

Tá sé de cheart agat dlíodóir a cheapadh sa tír inar eisíodh an barántas gabhála Eorpach. Féadfaidh an dlíodóir sin faisnéis agus comhairle a thabhairt do do dhlíodóir sa Bheilg maidir leis an nós imeachta eiseachadta.

2. Faisnéis maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach nó FGP

- Tá sé de cheart agat go gcuirfí ar an eolas thú maidir le hábhar an bharántais gabhála Eorpaigh nó FGP.
- Más rud é gur cuireadh an t-eiseachadadh i bhfeidhm maidir le pionós a fhorchur agus nár cuireadh ar an eolas thú maidir leis an gciontú ná leis na nósanna imeachta coiriúla ar feitheamh, féadfaidh tú iarraidh ar chóip den chiontú eachtrach, ar mhaithe le heolas agus ar an gcoinníoll gur féidir é sin a eagrú in am.

3. An ceart a bheith i do thost

- Ní chuirfear iallach ort ag am ar bith tú féin a ionchoiriú.
- Tar éis duit d'aitheantas a shonrú, féadfaidh tú rogha a dhéanamh ráiteas a thabhairt, na ceisteanna a chuirtear ort a fhreagairt nó fanacht i do thost.

4. A insint do dhuine éigin gur gabhadh thú

Tá sé de cheart agat tríú páirtí a chur ar an eolas faoi do ghabháil.

Dá ainneoin sin, féadfaidh Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí nó an Giúistís Scrúdúcháin an chéim inar féidir é sin a dhéanamh a chur siar ar chúinsí an-láidre, chomh fada agus atá riachtanach ar mhaithe leis an imscrúdú.

5. Cúnamh míochaine

- Tá sé de cheart agat cúnamh míochaine saor in aisce a fháil más gá.
- Féadfaidh tú a iarraidh ar do rogha dochtúra scrúdú a dhéanamh ort freisin. Beidh ort íoc as costas an scrúdaithe sin.

Cad iad do chearta breise i rith an agallaimh?

6. Cearta eile i rith an agallaimh

Ní mór roinnt faisnéise a chur ar fáil duit roimh an agallamh. De bhreis ar an bhfaisnéis achomair maidir leis na fíorais agus leis an gceart a bheith i do thost, cuirfear an méid seo a leanas in iúl duit:

- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí gach ceist a chuirtear ort a thaifeadadh faoi mar a chuirtear iad agus na freagraí a thugann tú a thaifeadadh faoi mar a thugtar iad;
- Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí iarratas ar leith nó go gcuirfí duine áirithe faoi agallamh;
- D'fhéadfaí do ráitis a úsáid mar fhianaise dhlíthiúil.
- Le linn an agallaimh, féadfaidh tú na doiciméid atá i do sheilbh a úsáid, chomh fada agus nach gcuirtear moill ar an agallamh dá bharr. Féadfaidh tú a iarraidh, roimh an agallaimh nó ina dhaidh, go gcuirfí na doiciméid sin le ráiteas agallaimh na bpóilíní nó i dtaisce le Clárlann na Cúirte.

7. Scannán a dhéanamh den agallamh

- Más féidir, féadfar scannán a dhéanamh den agallamh chun monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta an agallaimh.
- An t-agallóir, an tlonchúisitheoir Poiblí nó an Giúistís Scrúdúcháin a dhéanfaidh an cinneadh sin.

8. Ag deireadh an agallaimh

Ag deireadh an agallaimh, tabharfar téacs an agallaimh duit chun é a léamh. Féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí é a léamh amach duit.

Iarrfar ort cé acu ar mhaith leat nó nár mhaith leat go ndéanfaí athrú nó soiléiriú ar bith ar do ráitis.

9. Cúnamh ó ateangaire

- Mura dtuigeann nó mura labhrann tú an teanga, nó má tá stad san éisteacht nó sa chaint ort, agus mura dtuigeann nó mura labhrann do dhlíodóir do theanga, tá tú i dteideal ateangaire faoi bhrí mionna a bheith agat i rith an chomhairliúcháin faoi iontaoibh le do dhlíodóir. Is cúnamh saor in aisce é sin.
- Más mian leat teanga eile a labhairt seachas an teanga atá in úsáid sna nósanna imeachta, glaofar ar ateangaire faoi bhrí mionna chun cuidiú leat i rith an agallaimh. Is cúnamh saor in aisce é sin.
- D'fhéadfaí a iarraidh ort do ráitis a scríobh síos i do theanga féin.

10. Ag glacadh le heiseachadhadh

Féadfaidh tú glacadh le d'eiseachadhadh chuig an tír ina bhfuil tú á lorg. Féadfaidh tú do thoiliú a theorannú chuig na cionta atá sonraithe sa bharántas gabhála Eorpach. Féadfaidh tú an riail speisialtachta a tharscaoileadh freisin. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar thú a ionchúiseamh nó a chur i bpríosún i ndiaidh eiseachadta chun téarma príosúnachta a fhorfheidhmiú a forchuireadh de bharr cionta nár cuireadh an t-eiseachadhadh i bhfeidhm ina leith.

Más mian leat glacadh leis an eiseachadhadh, rachaidh tú os comhair an lonchúisitheora Phoiblí tar éis d'agallamh a bheith curtha ort ag an nGiúistíús Scrúdúcháin. Míneoidh an tlonchúisitheoir Poiblí na himpleachtaí. Féadfaidh do dhlíodóir cuidiú leat. Ní fhéadfaidh tú toiliú le heiseachadhadh ach amháin os comhair an lonchúisitheora Phoiblí.

A luaithe agus atá toiliú dlíthiúil tugtha agat don eiseachadhadh, ní fhéadfaidh tú dul siar air.

Cá fhad is féidir thú a choinneáil i gcoimeád?

1. 48 n-uaire an chloig, i bprionsabal

Féadfar thú a choinneáil i gcoimeád go ceann uastréimhse 48 n-uaire an chloig.

2. Giúistís Scrúdúcháin

- Déanfar thú a scaoileadh saor nó a thabhairt os comhair an Ghiúistís Scrúdúcháin laistigh de thréimhse 48 n-uaire an chloig. Cinnfidh an Giúistíús Scrúdúcháin cibé an ndéanfar thú a choimeád de bhun an bharántais gabhála Eorpaigh.
- Tá sé d'oireagáid ar an nGiúistís Scrúdúcháin ceisteanna a chur ort ar an gcéad dul síos maidir leis an ábhar sin. Tá sé de cheart agat cúnamh a fháil ó do dhlíodóir. Ní mór don Ghiúistís Scrúdúcháin éisteacht lena bhfuil le rá agat faoi thú a choinneáil i gcoimeád, nó ag do dhlíodóir..

Ní cheadaítear duit an ceart chun cúnamh a fháil ó dhlíodóir a tharscaoileadh mura bhfuil lán-aois slánaithe agat.

- Sa chás go ndéanann an Giúistís Scrúdúcháin barántas gabhála a eisiúint, beidh na cearta seo a leanas agat:
 - Féadfaidh tú cumarsáid gan bhac a dhéanamh le do dhlíodóir.
 - Ní mór duit dul os comhair na cúirte i seisiún dúnta laistigh de chúig lá déag i ndiaidh na gabhála, áit ina mbeidh tú in ann do choimeád agus an t-eiseachadadh faoi bharántas gabhála Eorpach a cheistiú. Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo os comhair Dhlísheomra na ndíotálacha, a thabharfaidh cinneadh laistigh de chúig lá déag. Ní mór an t-achomharc a chomhdú laistigh de lá amháin ón uair a sheirbheáiltear cinneadh na cúirte i seisiún dúnta ort.

- Féadfaidh tú féachaint ar do chomhad an lá roimh an éisteacht i seisiún dúnta nó i nDlísheomra na nDíotálacha.
- Féadfaidh do dhlíodóir faisnéis bhreise a thabhairt duit maidir leis na chéad chéimeanna eile de na nósanna imeachta sin.
- Mura bhfuil saoránacht na Beilge agat, féadfaidh tú údarais chonsalacha do thír a chur ar an eolas faoi do ghabháil.
- Mura dtuigeann tú an teanga a úsáidtear sa bharántas gabhála Eorpach, nó an t-aistriúchán ar an mbarántas, cuirfear aistriúchán scríofa ar an mbarántas gabhála Eorpach, nó aistriúchán ó bhéal ar an mbarántas gabhála Eorpach nó ar na taifid riachtanacha nós imeachta ar fáil duit i dteanga a thuigeann tú, sula mbeidh ort dul os comhair na cúirte i seisiún dúnta agus, ar a dhéanaí, sula ndéanfar cinneadh deiridh maidir le forfheidhmiú.

Féadfaidh tú an míniúchán seo ar do chearta a choimeád leat.